

Eolas faoi Mharcáil Ar Líne do Scrúdaitheoirí

Scrúduithe na hArdteistiméireachta agus na Sraithe Sóisearaí (2025 I2.0)

Sula dTosaíonn Tú:

Tá Físeáin Oiliúna ar Mharcáil ar Líne, Treoracha, agus doiciméad Ceisteanna Coitianta ar fáil ar <https://secexaminer.ie/ir/online-marking-training/>.

MFA:

I mbliana, tá fiordheimhniú ilfhachtóra (MFA - multi-factor authentication as Béarla) in úsáid ag CSS le haghaidh na suíomhanna uile marcála ar líne. Ciallaíonn sé seo, gach uair a logálann tú isteach in *Assessor*, go mbeidh an méid seo a leanas ag teastáil uait:

- d'ainm úsáideora
- do phasfhocal
- cód 6 dhigit, a gheobhaidh tú ó aip *authenticator* nó trí ríomhphost. Beidh an cód seo bailí ar feadh 2 uair an chloig; ina dhiaidh an ama sin, beidh gá le cód nua.

Tá sé tábhachtach cuimhneamh, cé nach mbeidh ort úsáid a bhaint as d'fhón póca leis an gcód 6 dhigit a fháil chun logáil isteach a dhéanamh in *Assessor*, **NÁR** chóir duit logáil isteach i ndáiríre in *Assessor* ar d'fhón póca, ná nár cheart duit úsáid a bhaint as d'fhón chun marcáil a dhéanamh in *Assessor*. Tá na sonraí faoi conas MFA a úsáid ar leathanaigh 2 agus 3.

Molann CSS an aip a úsáid seachas an ríomhphost leis an gcód 6 dhigit a fháil, mar gur aip shioncronach atá san aip (i.e. níl gá fanacht le go dtiocfaidh ríomhphost), agus níl aon seans ann go mbeidh an cód sáinnithe ar coraintín / i dturscar. Ach, oibreoidh an dá mhodh (aip agus ríomhphost).

Do chuntas RM a ghníomhachtú / Meabhrú faoin Ainm Úsáideora

Tamall beag roimh an gcomhdháil, gheobhaidh tú ríomhphost ina mbeidh d'ainm úsáideora. **Murar** mharcáil tú ar líne in 2024, beidh nasc gníomhachtúcháin sa ríomhphost seo freisin le haghaidh do chuntais. Nuair a chliceálann tú ar an nasc seo, beidh ort do phasfhocal a chruthú agus a dheimhniú, ansin an cnaipe 'Athraigh an pasfhocal' a roghnú. Ansin beidh tú in ann cliceáil ar an Nasc Gníomhachtúcháin chun logáil isteach i do chuntas.

Má mharcáil tú ar líne in 2024, gheobhaidh tú ríomhphost lena chur i gcuimhne duit maidir le d'Ainm Úsáideora *Assessor*, an nasc chuig *RM Assessor* agus leis na treoracha faoi conas do phasfhocal a athchumrú más gá duit.

RM Assessor
Please enter and confirm a password for your account and then click 'Activate Account'. Once you have activated your account you will be able to log in to RM Assessor using your username and password.

Your password must not contain your account name or parts of your full name that exceed two consecutive characters.
Your password must contain at least 8 characters and include 3 of the following:
• At least 1 upper case character(s) (e.g. A, B, C)
• At least 1 lower case character(s) (e.g. a, b, c)
• At least 1 numeric digit(s) (e.g. 1, 2, 3)
• At least 1 special character(s) (Allowed characters: @, %, +, !, #, \$, *, ?, ~)

Password
[.....]

Confirm password
[.....]

[Change password](#)

RM Assessor
[ActivateAccountCompleteMessage](#)
[ActivatedLink](#)
[ActivationCompleteNote](#)

Ag logáil isteach in *Assessor*:

An leathanach logála isteach le haghaidh *Assessor* ná

<https://sec.assessor.rm.com/>

Tabhair faoi deara go bhfuil seoladh an tsuímh ghréasáin beagán difriúil ón gceann a úsáideadh in 2024, mar sin má tá suíomh gréasáin 2024 leabharmharcáilte agat go fóill, beidh ort eagarthóireacht a dhéanamh ar an leabharmharc sin (nó é a scriosadh agus ceann nua a chruthú).



Is féidir leat an seoladh seo a chlósscríobh isteach ar an mbarra ag an mbarr de do bhrabhsálaí idirlín (Chrome, Firefox, Edge, Safari). **Ná** bain triail as an leathanach logála isteach trí chuardach a dhéanamh ar “*RM Assessor*” in Google – is é is dóichí ná go dtabharfar tú go dtí an leathanach logála isteach go dtí comhlacht measúnaithe seachas CSS mar gheall air seo. Ba chóir go mbeadh lógó CSS ar an leathanach oscailte den leagan de *RM Assessor* a úsáideann na Scrúdaitheoirí do Sheisiún an tSamhraidh, 2025.

Tar éis duit logáil isteach, ba chóir duit an leathanach a leabharmharcáil ar do bhrabhsálaí ionas gur féidir leat é a aimsiú arís go héasca. Ach, ná déan an leathanach a leabharmharcáil go dtí go bhfuil tú tar éis logáil isteach.

Má chruthaíonn tú leabharmharc nuair atá tú ar an leathanach ina gcuireann tú isteach do shonraí logála isteach, b'fhéidir go bhfaighidh tú

teachtaireacht earráide ar dheis nuair a bhaineann tú úsáid as an leabharmharc seo arís. Má tharlaíonn sé seo, scrios é (nó ní gá duit ach neamhaird a thabhairt ar an leabharmharc seo.

Bain úsáid as an URL le haghaidh *Assessor* (<https://sec.assessor.rm.com/>) agus ansin, **tar éis duit logáil isteach in *Assessor***, déan an leathanach a leabharmharcáil.





MFA – Ríomhphost nó Aip Authenticator a Roghnú:

Nuair a logálann tú isteach in Assessor den chéad uair, iarrfar ort cinneadh a dhéanamh faoi ar mhaith leat an cód 6 dhigit a fháil trí úsáid a bhaint as Aip Authenticator nó trí úsáid a bhaint as ríomhphost.

Má roghnaíonn tú úsáid a bhaint as ríomhphost, tabhair faoi deara gurb é an seoladh ríomhphost a seolfar an cód 6 dhigit chuige an ceann atá ar taifead ar CSS.

Má roghnaigh tú deimhniú ar aip trí bhotún, cliceáil ar *Rognaigh modh eile* (atá le fáil faoin gcnaipe **Lean Ar Aghaidh** san íomhá ar dheis) agus is féidir leat ríomhphost a roghnú ina ionad sin. Tá an rud céanna i bhfeidhm freisin má roghnaigh tú deimhniú ar ríomhphost trí bhotún.





MFA – Ag baint úsáid as Aip *Authenticator*:

Ní gá ach céimeanna 1 – 6 a dhéanamh ach uair amháin, mar go mbaineann siad leis an Aip *Authenticator* a chumrú:

1. Ar do ghléas **marcála**, i leathanach logála isteach *Assessor*, déan cinnte de go roghnaítear Aip *Authenticator*, agus cliceáil ar **Lean Ar Aghaidh**. Tiocfaidh an scáileán ar dheis (ina mbeidh an cód QR) aníos.
2. Ar do ghléas **móibíleach**, íoslódáil an Aip *Authenticator* a úsáidfídh tú ón stóras aip ábhartha agus suiteáil í, mura bhfuil sé seo déanta agat cheana féin. Na haipeanna molta ná *Google Authenticator* agus *Microsoft Authenticator*.
3. Ar do ghléas **móibíleach**, oscail an Aip *Authenticator*. **Ní gá duit síniú isteach san Aip *Authenticator* ar do ghléas móibíleach.**
4. Ar do ghléas **móibíleach**, san Aip *Authenticator*, cliceáil ar an tsiombail + nó ar “cuir isteach cuntas”.
 - a. Más gá duit an cineál cuntais atá i gceist a roghnú (Obair / Scoil / Pearsanta / Eile), roghnaigh “Eile”.
 - b. Roghnaigh cuntas a chur isteach tríd an gcód QR a scanadh nó tríd an luach atá ar taispeáint faoin gcód QR a chur isteach de láimh (arb é JJ5HMTTVM52TOUC2 san íomhá thíos).
5. Ar do ghléas **móibíleach**, san Aip *Authenticator*, scan an cód QR, nó cuir isteach an luach atá ar taispeáint faoin gcód QR. Leis seo, cuirfear **Assessor.Identity** (nó a chomhionann) isteach i do Aip *Authenticator*. Tá do chuntas *RM Assessor* nasctha anois leis an Aip *Authenticator* ar d’fhón.
6. Ar do ghléas **marcála**, is féidir leat cliceáil ar **Lean Ar Aghaidh** anois chun logáil isteach in *Assessor*.

Gach uair a logálann tú isteach in *Assessor*, beidh ort anois an méid seo a leanas a dhéanamh:

7. Ar do ghléas **marcála**, téigh chuig an suíomh gréasáin *Assessor* agus cuir isteach d’ainm úsáideora agus do phasfhocal agus cliceáil ar **Lean Ar Aghaidh**.
8. Ar do ghléas **móibíleach**, oscail an Aip *Authenticator* agus cliceáil isteach ar **Authenticator.Identity** (nó a chomhionann) chun an cód 6 dhigit a fheiceáil.
9. Ar do ghléas **marcála**, clóscríobh isteach an cód 6 dhigit agus cliceáil ar **Deimhnigh** (íomhá ar chlé). Athraíonn an cód go hiondúil gach 30 soicind, mar sin beidh ort an cód a chur isteach sula n-imíonn sé in éag.



10. Tabharfar tú go dtí an leathanach logála isteach (íomhá ag an mbun ar dheis); cliceáil ar **Marcáil** chun rochtain a dhéanamh ar do mharcáil, nó ar **Taithíocht** chun rochtain a dhéanamh ar an mód taithíochta. (Go iondúil, ní bheidh ort ach cliceáil ar Marcáil.)



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Login to

MARKING

OR

FAMILIARISATION

MFA – ag baint úsáid as Ríomhphost:


Má roghnaíonn tú ríomhphost mar do mhodh fíordheimhnithe agus má chliceálann tú ar **Lean Ar Aghaidh**, feicfidh tú an scáileán ar dheis.

Eiseofar ríomhphost chugat ina mbeidh cód 6 dhigit. Féach an sampla thíos. Eiseofar an ríomhphost ó noreply@in.rm.com.

Seiceáil d'fhillteáin Dramhphoist / Turscair mura bhfuil an ríomhphost faighte agat laistigh de 1 nóiméad, mar nach bhfuil an cód bailí ach ar feadh 5 nóiméad.

Agus an ríomhphost faighte agat, cuir isteach an cód ón ríomhpost sa scáileán ar dheis, agus cliceáil ar **Deimhnigh**.

Mar atá sonraithe ar an leathanach roimhe seo, feicfidh tú scáileán ansin ina ligfear duit **Marcáil** nó **Taithíocht** a roghnú. (Go hiondúil, ní bheidh ort ach cliceáil ar Marcáil.)



A Uasail Uí Mhurchú, a chara,

Bain úsáid as an gCód Deimhnithe chun do shíniú isteach san ardán RM Assessment a chur i gcrích:

Cód: 606798

Tá an cód seo bailí ar feadh 5 nóiméad. Chun críche slándála, ná roinn an cód seo le duine ar bith le do thoil.

Murar iarr tú an cód seo, téigh i dteagmháil le do dheasc chabhrach láithreach bonn le do thoil.

Is ríomhphost é seo a ghintear go huathoibríoch ón ardán RM Assessment. Ná freagair é mar nach ndéantar monatóireacht ar an ríomhphost.

MFA – Logáil Isteach agus Neamhghníomhaíocht

Le RM Assessor logálfar tú amach go huathoibríoch as an ardán má tá tú neamhghníomhach ar feadh 20 nóiméad. Má tharlaíonn sé seo, beidh ort logáil isteach arís ag baint úsáid as d'Ainm Úsáideora agus do Phasfhocal.

Beidh gach Cód Fíordheimhnithe bailí ar feadh 2 uair an chloig ón gcéad uair a bhaineann tú úsáid as chun logáil isteach. Dá bhrí sin, má logálann tú amach agus ansin má logálann tú isteach arís laistigh de thréimhse 2 uair an chloig, ní bheidh ort Cód Fíordheimhnithe nua a chur isteach.

Do Thaisce / Stair / Fianáin a Ghlanadh:

Uaireanta b'fhéidir go gcuirfear comhairle ort taisce do bhrabhsálaí a ghlanadh / stair do bhrabhsálaí a ghlanadh / fianáin a ghlanadh mar chuid de na céimeanna chun aon fhadhbanna a thagann aníos a réiteach e.g. Tarlaíonn sé seo uaireanta mar gur tharla imlonnú nua agus is iad leaganacha comhad níos sine atá i do bhrabhsálaí. Is iad seo a leanas na céimeanna táscacha.

Chrome

1. Cliceáil ar na 3 phonc ingearacha sa chúinne ar dheis ag an mbarr
2. Roghnaigh Stair > Stair
3. Roghnaigh Glan Stair an Bhrabhsálaí (ba chóir go mbeadh sé seo ar an scáileán ar thaobh na láimhe clé)
4. Tá b bunúsach > athraigh an t-achar ama go 'gach am' agus cuir tic leis na roghanna ar fad atá liostaithe.
5. Roghnaigh Glan na sonraí.



Firefox

1. Cliceáil ar na 3 phonc chothrománacha sa chúinne ar dheis ag an mbarr
2. Roghnaigh Leabharlann > Stair > Glan An Stair Le Déanaí
3. Athraigh raon an ama go 'gach rud' agus roghnaigh na roghanna ar fad laistigh de Stair
4. Cliceáil ar 'OK'.



Edge

1. Cliceáil ar na 3 phonc chothrománacha sa chúinne ar dheis ag an mbarr
2. Roghnaigh Stair
3. Cliceáil ar na 3 phonc chothrománacha laistigh den tsraith ag an mbarr den phainéal Staire a thagann aníos
4. Roghnaigh Glan Sonraí an Bhrabhsálaí
5. Athraigh an t-achar ama go 'gach am' agus cuir tic leis na roghanna ar fad thíos
6. Cliceáil ar Glan Anois.



Safari ar Mac

1. Oscail Safari. Cliceáil ar Safari atá in aice leis an lógó Apple
2. Cliceáil ar Roghanna
3. Cliceáil ar Ardghanna
4. Seiceáil an bosca don roghchlár Taispeáin Forbair sa bharra roghchláir
5. Cliceáil ar Forbair ón mbarr
6. Cliceáil ar Folmhaigh na Taiscí.



Gléasanna a bhfuil Tacaíocht Leo don Mharcáil Ar Líne:

Éilíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) nach n-úsáideann scrúdaitheoirí ach amháin na gléasanna, córais oibriúcháin agus brabhsálaithe a bhfuil tacaíocht leo agus iad ag marcáil ar líne. Tá na sonraí a bhaineann leo seo tugtha sa tábla thíos. **Níor** chóir do scrúdaitheoirí úsáid a bhaint as gléasanna, córais oibriúcháin ná leaganacha brabhsálaí atá faoin tsonraíocht íosta don *RM Assessor*. **Má bhaintear úsáid as gléasanna nach bhfuil tacaíocht leo d'fhéadfadh earráidí feidhmchláir a bheith i gceist agus b'fhéidir mbeadh an fheidhmiúlacht ag oibriú i gceart dá bharr.** Déan cinnte de le do thoil go gcomhlíonann do ghléas an tsonraíocht a bhfuil tacaíocht léi sula dtosaíonn tú ag marcáil.

Tabhair faoi deara **NACH** dtugtar tacaíocht do ghléasanna fón póca agus nár chóir iad a úsáid leis an marcáil a dhéanamh.

Leis an taithí mharcála is fearr a bhaint amach, déan cinnte de le do thoil nach bhfuil tú ach logáilte isteach ar aon ghléas amháin agus nach bhfuil aon bhrabhsálaithe eile á rith agat sa chúla.

	PC	Mac	Táibléad Andróideach	iPad
Próiseálaí	Intel i3+ nó a chomhionann		Quad core+	
Cuimhne	4GB+		2GB+	
Méid an Scáileáin	8 n-orlaí nó níos mó, íostaifeach 1280 x 720			
Córas Oibriúcháin*	Windows (Windows 10 / 11)	macOS (OS 14 Sonoma / OS 15 Sequioa)	Android (Android 14 / 15)	iOS (iOS 17 / 18)
Brabhsálaí**	Chrome, Firefox, Edge	Chrome, Firefox, Safari	Chrome	Safari
Ionchur a bhfuil tacaíocht leis	Luch agus Méarchlár	Luch agus Méarchlár	Tadhall agus Méarchlár	Tadhall agus Méarchlár

*Na córais oibriúcháin a bhfuil tacaíocht leo ná na mórleaganacha reatha agus roimhe seo de gach córas.

Don mharcáil ar líne in 2025, tá siad seo liostaithe sa tábla thuas.

**Na leaganacha íosta Brabhsálaí, don mharcáil ar líne in 2025:

- Chrome: 133 – 136 agus na leaganacha níos déanaí
- Firefox: 135 – 138 agus na leaganacha níos déanaí
- Edge: 133 – 136 agus na leaganacha níos déanaí
- Safari: 18.3 – 18.4 agus na leaganacha níos déanaí

Tacaíocht i Rith na Marcála – Scrúdaitheoirí Comhairleacha:

Le haghaidh aon fhiosruithe a bhaineann le feidhmiú na scéime marcála, úsáid iomchuí na n-anótálacha, agus mar sin de, téigh i dteagmháil le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Tacaíocht i Rith na Marcála – Eisceachtaí:

I rith thréimhse do mharcála, tá seans ann go mbeidh fadhbanna agat leis na scrípteanna – mar shampla, áit nár scanadh leathanach i gceart; nó áit nach bhfuil an páipéar ceart ann don chomhpháirt sin; nó áit a bhfuil leagan Gaeilge de pháipéar le feiceáil sa chomhpháirt Bhéarla den pháipéar sin.

Sna cásanna seo, téigh i dteagmháil ar dtús le do Scrúdaitheoir Comhairleach. Má tá do Scrúdaitheoir Comhairleach sásta gur chóir eisceacht a ardú, ansin ardaigh eisceacht ar an script seo in *Assessor* (féach an leabhrán *Ag Tosú Amach* le haghaidh sonraí). Is iad seo a leanas na heisceachtaí iomchuí:

- **Iarratas ar Íomhá a Athscanadh** – e.g. *tá cuid den leathanach casta síos, nó tá nóta post-it ar an leathanach*
- **Ceistpháipéar Mícheart** – *gur leagan ábhair / leibhéil / teanga mícheart é an páipéar*
- **Comhpháirt ar Iarraidh** – *ní thagann an páipéar meaitseála / obair chúrsa mheaitseála aníos tar éis an príomhpháipéar a íoslódáil*
- **Ábhar ar Iarraidh ón gComhpháirt seo** – *leathanaigh / leathanaigh bhreise ar iarraidh*
- **Níl uimhreacha iarrthóra ag meaitseáil** – *ní mheaitseálann leathanaigh bhreise / páipéar Cluastuisceana na huimhreach iarrthóra an príomhleabhrán*

A luaithe a ardaíonn tú ceann amháin de na heisceachtaí seo, cuirfear í go dtí Rannóg na Marcála Ar Líne sa CSS.

Ná fiosraigh le do thoil ar ríomhphost/ trí ghlaao gutháin a dhéanamh chuig an Rannóg Marcála Ar Líne maidir le hEisceacht a d'ardaigh tú, mar má dhéanann tú é seo d'fhéadfaí acmhainní a bhaint ó bheith ag obair ar eisceachtaí oscailte agus d'fhéadfaí moill a bheith ann le heisceachtaí a réiteach dá bharr. Déileáfar le heisceachtaí tríd an gcóras marcála ar líne.

A luaithe a réitítear na heisceachtaí seo, b'fhéidir go mbeidh ort gníomh breise a ghlacadh (e.g. athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar breise a cuireadh le script). Sna cásanna seo, déanfar teagmháil leat tríd an bhfeidhm teachtaireachta in *Assessor*. Táthar ag súil go ndéileálfar le d'eisceacht laistigh de **3 lá**; más gá fiosrúchán breise a dhéanamh ina bhfuil níos mó ama ag teastáil, cuirfear scéala chugat.

Tabhair faoi deara go bhfuil treoracha ar leith i bhfeidhm maidir leis an eisceacht *Fiosrú faoi Bhónas Gaeilge* – téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach áit ar chóir bónas a ardú leis an mbónas a choimeád siar. (Féach freisin leabhrán *S63 Treoracha do Scrúdaitheoirí* nó an leabhrán *Ag Tosú Amach*.)

Féach na treoracha ar leith ag an gcomhdháil maidir le heisceachtaí neamhréitithe ag deireadh na marcála.

Tacaíocht i Rith na Marcála – Tacaíocht Theicniúil:

I rith na marcála, d'fhéadfadh fadhbanna teicniúla eile a bheith agat a bhaineann le húsáid a bhaint as *Assessor*. Sna cásanna seo, féach ar dtús ar an doiciméad **Ceisteanna Coitianta** atá ar fáil ar <https://secexaminer.ie/online-marking-training>

Mura bhfuil d'fhadhb réitithe agat tar éis féachaint ar na Ceisteanna Coitianta, téigh i dteagmháil le Rannóg na Marcála Ar Líne ag baint úsáid as na huimhreacha atá liostaithe. Ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le Rannóg na Marcála Ar Líne ar nós:

- Fadhbanna maidir le logáil isteach agus rochtain a dhéanamh
- Fiosruithe maidir le Fíordheimhniú Ilfhachtóra
- Marcanna a chailleadh, gan a bheith in ann marcanna a shábháil, etc.
- Gan a bheith in ann anótálacha a chur i bhfeidhm ar script
- Gan a bheith in ann rochtain a dhéanamh ar do mharcáil, nó ar mhonatóireacht do Scrúdaitheora Chomhairligh
- Fadhbanna leis an gcóras ag léim ar ais go dtí ceisteanna roimhe seo
- Fiosruithe/iarratais ón bhfoireann chomhairleach nó ón bhfoireann shinsearach scrúdúcháin maidir le scrípteanna nó marcanna a ath-leithdháileadh.

Agus seatanna scáileáin á gcur ar ríomhphost ina bhfuil aon eolas inaitheanta (mar shampla, scrúduimhir, ID freagartha), beidh ort é a chur i **bhformáid chriptithe**. Bain úsáid as an doiciméad criptithe Word a chuir do Scrúdaitheoir Comhairleach ar fáil duit chun na críche seo. Ná hathraigh ná bain an pasfhocal ar an gcomhad le do thoil.

Sonraí Teagmhála Rannóg na Marcála Ar Líne:	Uaireanta Oibriúcháin Rannóg na Marcála Ar Líne:
Onlinemark@examinations.ie 090 644 2461 090 644 2476	Luan – Aoine: 08:30 - 20:00 Satharn: 08:30 - 14:00* Domhnach: 08:30 - 13:00 *08:30 – 17:00 Dé Sathairn an 7ú Meitheamh *08:30 – 18:00 Dé Sathairn an 28ú Meitheamh